**Filleadh ar an gCampas – Cáipéis Chomhairleach an Fhostaí**

*Tá an Ollscoil ag obair i dtreo plean maidir le filleadh ar an gCampas i Meán Fómhair 2021 i gcomhréir le seasamh an Rialtais an fhoghlaim ar an láthair i measc mac léinn san Ardoideachas a mhéadú don bhliain acadúil atá le teacht.*

*Ar an gcaoi sin, táim cinnte de go mbeidh roinnt ceisteanna agat maidir le filleadh ar an gcampas de. Do roinnt mhaith, beidh beagnach 18 mí caite ó bhíomar ag obair ar an gcampas.*

*Chuireamar roinnt ceisteanna agus freagraí i dtoll a chéile le hucht na bhfiosrúchán a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.*

1. **Cathain a Fhillfidh mé ar obair ar an gCampas?**
   Táthar i mbun na socruithe maidir le filleadh ar an gcampas a dheimhniú i gcomhar leis na Coláistí, na Scoileanna, agus na hAonaid Seirbhísí Gairmiúla éagsúla. Déanfaidh do Cheann Scoile/Aonaid, nó do Bhainisteoir Líne teagmháil leat le do chur ar an eolas faoi na pleananna atá beartaithe do do réimse

2. **Cén dáta a mbeimid ag teacht ar ais chun an Champais?**
   Is dócha gurb é ón 30 Lúnasa i leith é. Beidh sé ag brath ar an réimse agus ar chineál na hoibre. Mar sin de, féadfar go dtiocfaidh réimsí áirithe ar ais roimh an 30 Lúnasa agus féadfar go dtiocfaidh réimsí eile i ndiaidh an dáta sin.

3. **Céard é an scéal é má bhainim le catagóir ardriosca agus nach mian liom filleadh ar an gCampas?**
   Cuir eolas ar (1) na catagóirí riosca, le do thoil  Más éigean duit filleadh ar an gcampas ach go mbaineann tú leis na catagóirí seo, nó má tá tú ag iompar clainne agus gan vaicsín a bheith faighte agat agus má chreideann tú, (2) nach bhfuil tú in ann filleadh is amhlaidh a d'fhéadfaí d'atreorú chuig ár Seirbhís Sláinte Ceirde chun críche measúnaithe. Iarrfar ar do Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid comhairle a thabhairt maidir le méid na gníomhaíochta ar champas atá á iarraidh ort. Cuideoidh an méid sin leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde comhairle níos soiléire a chur ar fáil. A thúisce agus a gheofar tuairisc ar ais ón tSeirbhís Sláinte Ceirde is amhlaidh a dhéanfaidh do Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid, le tacaíocht ó AD, na moltaí a mheas. Féachfaimid le haon chomhréiteach réasúnta a bhféadfaí teacht air a mheas. Dá mba ghá go ndéanfaí an obair ar an gcampas le teacht le gníomhaíochtaí ar champas do mhic léinn, d'fhéadfaí gur ghá cuimhneamh ar obair mhalartach nó leasú áirithe ar uaireanta ar chonradh.

4. **An éileofar orm foirm maidir le Filleadh ar an gCampas a chomhlánú?**
   I gcomhréir le treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta, éileofar ar gach comhalta foirne foirm maidir le filleadh ar an gcampas a chomhlánú 3 lá ar a laghad sula bhfillfidh siad ar an obair. Beidh an fhoirm ann le cinntiú nach mbeidh airíonna ar chomhaltaí foirne, nó nach mbeidh orthu féin-aonrú a dhéanamh ag an tráth sin. I mbliana, beidh níos lú ceisteanna san fhoirm agus ní iarrfar ar chomhaltaí foirne a stádas leighis a nochtadh, i.e. an mbaineann fostaí le catagóir ardriosca nó nach mbaineann. San áit a mbaineann fostaí le catagóir ardriosca agus a bhfuil údar imní aige/aici dá réir, is amhlaidh gur chóir an cheist a chíoradh díreach le do Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid. Is féidir leat teacht ar an bhfoirm anseo (tabhair faoi deara go mbeidh ar chomhaltaí foirne OÉ Gaillimh logáil isteach lena ndintiúirí Office 365 le rochtain a fháil ar an bhfoirm).

5. **Céard atá le déanamh agam má tá airíonna orm?**
   Is féidir go mbeidh breoiteacht mar thoradh ar ionfhabhtú an víris is cúis le COVID-19, idir bhreoiteacht atá éadrom, bhreoiteacht atá trom, agus i gcásanna faoi leith, bhreoiteacht atá marfach. Is féidir go mbeidh 14 lá ann sula mbeidh airíonna le sonrú. Is féidir go mbeidh na hairíonna seo cosúil le hairíonna an tslaghdáin nó an fhliú.

Ar airíonna coitianta an choróinvíris tá:

- fiabhras (teocht ard - 38 céim Celsius nó os a chionn).
- casacht nua - is féidir gur casacht de chineál ar bith a bheith i gceist, ní hamháin casacht thirim.
- gearranáil nó deacrachtaí anála.
- cailleadh nó athrú ar do bholadh nó ar do bhlas – ciallaíonn seo gur thug tú faoi d'aire nach bhfuil tú in ann boladh ná blas a fháil ar rud ar bith, nó go bhfuil boladh nó blas éagsúil ar rudaí le hais mar a bhíonn de ghnáth.

Má tá ceann ar bith d'airíonna coitianta COVID-19 (an coróinvíreas) ort, ba chóir duit féin-aonrú a dhéanamh, agus glaoch gutháin a chur ar do Dhochtúir Teaghlaigh láithreach bonn le feiceáil an bhfuil tástáil COVID-19 saor in aisce de dhíth ort. Ba chóir duit do Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid a chur ar an eolas go bhfuil tú tinn, go ndearna tú teagmháil le do Dhochtúir Teaghlaigh agus go bhfuil tú ag fanacht le tástáil. Nuair is féidir leat obair go cianda, ba chóir duit coinneáil ag obair má tú ag aireachtáil sách maith lena haghaidh. Má tá tú tinn, agus gan a bheith in ann obair is amhlaidh a bheidh ort teastas leighis a sholáthar.

A thúisce agus a bheidh torthaí do thástála COVID-19 agat, ba chóir duit do Bhainisteoir Líne/Cheann Scoile/Aonaid a chur ar an eolas faoina leithéid agus sa chás go bhfuair tú toradh dearfach, is amhlaidh a dhéanfar an méid sin a thaifeadadh mar shaoire le pá a bhaineann le COVID-19. Déanfar aon neamhláithreacht eile a thaifeadadh mar ghnáthshaoire bhreoiteachta

Le haghaidh liosta iomlán airíonna, téigh i muinín Láithreán Gréasáin an FSS. Sa chás **nach bhfuil** airíonna ort, is féidir leat tástáil COVID-19 (coróinvíreas) saor in aisce a fháil ag ionad tástála COVID-19 gan réamhchoinne.

**6. An féidir liom coinneáil orm ag obair go cianda?**

I láthair na huaire, táimid ag obair ar Pholasaí maidir le hObair Hibrideach/Chianda agus tá súil againn go dtabharfar faomhadh dó faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair. Idir an dá linn, feictear dúinn gur dócha go mbeidh múnla oibre hibrideach i bhfeidhm agus muid ag filleadh ar an gcampas don bhliain acadúil atá le teacht, múnla oibre mar a mbeidh comhaltaí foirne ag obair roinnt laethanta ar an gcampas agus laethanta eile ag obair go cianda sa bhaile. I láthair na huaire, nílimid saintreorach maidir le céard ba chóir a bheith i gceist le socrú oibre cumaisc, bheadh an méid sin ag brath ar riachtanais ghnó. Táimid ag iarraidh ar bhainisteoirí, sa chás go bhfuil an-ghá ag daoine filleadh ar an gcampas ar bhonn rialta, go ndéanfaidh siad an méid sin a mheá go cuí. Táimid ag iarraidh ar Bhainisteoirí Líne agus ar Chinn Scoile bheith cóir agus oscailte maidir le haon chinneadh a ghlactar. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cuma má tá tú ag obair ar an gcampas nó go cianda, go n-éilítear go bhfuil cónaí ort i bPoblacht na hÉireann.

**7. Céard iad na Bearta Sláinte Poiblí a bheidh i bhfeidhm don Fhilleadh ar an gCampas?**

Leanfaidh an Ollscoil uirthi ag cloí leis na Bearta Sláinte Poiblí a bheidh i bhfeidhm ag an am. Féadfar go dtiocfaidh athrú orthu seo i gcaitheamh an ama, ach leanfaimid orainn do do chomhairliú i ndáil leis na bearta a bhaineann lenár n-earnáil.

Ceannaíodh Clúdaigh Aghaidhe do gach comhalta foirne agus cuirfear ar fáil d'fhoireann tacaíochta iad trína réimse de réir mar a fhillfimid ar an gcampas. Ní mór clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcomhshuímh taobh istigh ar an láthair i gcomhréir leis na rialacháin agus an treoir sláinte poiblí atá i réim ag an am.

**8. Céard iad na tacaíochtaí atá ar fáil dom má tá buairt orm faoi fhilleadh ar an gcampas?**

Tá an Dochtúir Sláinte Ceirde (DSC), agus an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS) ar fáil do chomhaltaí foirne má tá buairt orthu faoi ghné ar bith maidir le filleadh ar an gcampas agus más mian leo an bhuairt sin a chíoradh le duine.

**9. An nglanfar m'ionad oibre go rialta?**
Beidh glantachán rialta i bhfeidhm i ngach ionad oibre. Ina cheann sin, cuirfear na táirgí glantóireachta cuí ar fáil i ngach ionad le go mbeidh comhaltaí foirne in ann stáisiúin oibre a ghlanadh ina n-ionad mar is gá.

**10. Céard é an tionscadal UniCoV?**
Mar chomhalta foirne tá an rogha agat páirt a ghlacadh sa staidéar ollscoile mar go bhfuil OÉ Gaillimh páirteach i staidéar taighde tábhachtach nua maidir le tástáil COVID-19 ar champas.

An aidhm atá leis measúnú a dhéanamh ar mhearthástáil do COVID-19 agus córas réamhrabhaidh a fhorbairt chun ráigeanna a bhrath in ollscoileanna. D'fhéadfadh torthaí an staidéir seo a bheith ríthábhachtach ar deireadh i ndáil leis an bpleanáil don oiread mac léinn agus comhaltaí foirne a bheith ar ais ar an gcampas.

Le go mbeidh rath ar an staidéar, teastaíonn uainn go nglacfaidh comhaltaí foirne agus mic léinn páirt ann, fiú má tá siad vacsaínithe cheana féin. Beidh an deis agat dul faoi thástáil faoi dhó in aghaidh na seachtaine.

Déan machnamh ar pháirt a ghlacadh i staidéar UniCoV, le do thoil. Is féidir leat clárú anseo: https://unicov.org/join-

**11. Céard é an seasamh maidir leis an Vaicsín Covid?**
Ní bheimid ag éileamh ort a thaispeáint go bhfuil vaicsín faighte agat. Ar ndóigh, mholfaimis do chomhaltaí foirne vaicsín a fháil.

Tá tairseach Vaicsín an FSS ar oscailt anois agus is féidir leat clárú ar https://vaccine.hse.ie/ Le clárú ar líne beidh d'uimhir Seirbhíse Poiblí Pearsanta (PSP), d'Éirchód, uimhir fón póca agus seoladh ríomhphoist de dhíth ort.

Tar éis duit clárú ar an láithreán gréasáin nó ar an bhfón, cuirfear ar an eolas thú 3-7 lá roimh ré go bhfuil coinne vacsaíne faighte agat ag ionad vacsaíne de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**12. Freagrachtaí an Fhostaí**
- an fhoirm maidir le RéamhFhilleadh ar an gCampas a chomhlánú agus a leagan isteach 3 lá ar a laghad sula bhfillfear ar an obair.
- a f(h)ostóir a chur ar an eolas má tá cúinse ar bith eile a bhaineann le COVID-19 i gceist, nach n-áirítear san fhoirm, ach arbh éigean a nochtadh lena f(h)illeadh sábháilte a chinntiú. Cuir i gcás, má bhaineann sé/sí/an fostaí leis an gcatagóir ardriosca, tá de fhreagracht ar an bhfostaí na bearta seo a leanas a dhéanamh.
- fanacht sa bhaile má tá comharthaí nó airíonna COVID-19 air/uirthi nó má tá sé/sí ag aireachtáil tinn.
- féin-aonrú a dhéanamh nó srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí sa bhaile i gcomhréir le comhairle a D(h)ochtúra Teaghlaigh agus/nó le comhairle sláinte poiblí.
- teagmháil a dhéanamh lena D(h)ochtúir Teaghlaigh gan mhoill má tá aon airí COVID-19 air/uirthi.
- aon tástáil dheonach COVID-19 a dhéanamh, de réir mar a comhaontófar, a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ina (h)ionad oibre mar chuid d'olltástáil nó de shraith-thástáil COVID-19 de réir mar a chomhairlíonn Sláinte Poiblí agus a chuireann a f(h)ostóir i bhfeidhm í.
- páirt a ghlacadh in aon oiliúint ionduchtaithe a chuireann an fostóir ar fáil ar fhilleadh ar an ionad oibre dó/di.
- comhoibriú lena f(h)ostóir maidir le bearta coiscthe lena n-áirítear scoitheadh fisiciúil, sláinteachas lámh agus Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a chaitheamh nuair is gá.

**Tabhair faoi d'aire: Ní mór d'fhosaithe agus do chomhaltaí foirne coinneáil ar an eolas faoin bhfaisnéis Sláinte Phoiblí is reatha mar go ndéanfar nuashonrú uirthi seo ar bhonn rialta.**